

Is iomaí áit ina bhfuil ranganna oiliúna um scileanna digiteacha á gcur ar siúl i ngach contae. Fógraítear na ranganna go háitiúil, agus eagraítear uaireanta agus ionaid chun freastal ar na riachtanais atá aitheanta ag saoránaigh. Tá liosta de ionaid thraenála ar fáil ag www.dccae.gov.ie/digitalskills

Tá ranganna oiliúna um Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh á seachadadh ag na heagraíochtaí pobail agus neamhbhrabúis a leanas:

Aoisghníomhaíocht Éireann Teo

Cuideachta Forbartha Bhealach Eabhra Teo

Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER Chontae Shligigh Teoranta

CETR na hÉireann Teo.

An Mhearchonair i dtreo Teicneolaíocht Faisnéise (FIT) IE

Domain Registry Ltd

Comharchumann Nasc Tuaithe na hÉireann Teo.

Páirnéireacht Forbartha Tuaithe & Sóisialta na Mí Teo.

Cuideachta Forbartha Comhtháite Ros Comáin Teo.

Ionad Oideachais agus Oiliúna an Oirdheiscirt Teo.

Ionad Seirbhísí Pobail Naomh Caitriona Teo.

Third Age Foundation Company Ltd

An Scéim um Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh – ag tacú go gníomhach le saoránaigh agus a gcéad chéim ar líne á tabhairt acu.

Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh i dteagmháil leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil:

Teileafón:

01-6782217 / 01-6782078

Suíomh Gréasáin:

www.dccae.gov.ie/digitalskills

Ríomhphost:

gettingcitizenonline@dccae.gov.ie



Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil
Department of Communications, Climate Action & Environment



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Scéim um Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh

Scileanna Digiteacha

Ranganna Oiliúna



Cad é an Scéim um Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh?

Tionscnamh faoin Straitéis Náisiúnta Digiteach an Rialtais is ea an Scéim um Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh, arna maoiniú ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Faoin scéim, soláthraítear oiliúint ranga i mbunscileanna digiteacha, saor in aisce, ina bhfoghlaiméoidh saoránaigh rannpháirteacha na scileanna atá riachtanach d'fhonn úsáid agus tairbhe a bhaint as na buntáistí atá ar fáil ar an idirlíon.

Cé hiad na daoine ar féidir leo na ranganna oiliúna a fhreastal?

Bíonn ranganna oiliúna ar fáil do shaoránaigh nár bhain úsáid as an t-idirlíon roimhe seo. Dírítear an oiliúint do dhaoine os cionn 45 bliana d'aois, pobail feirmeoireachta, úinéirí gnóthais bhig, daoine atá dífhostaithe, daoine atá faoi mhíchumas agus grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste.



Cad a fhoghlaiméoidh mé?

Mar chuid de na ranganna oiliúna, beidh na nithe seo a leanas san áireamh:

- Eolas bunúsach ar an idirlíon
- Sábháilteacht Idirlín
- An chaoi a sheoltar agus a ghactar ríomhphoist
- Seirbhísí rialtais ar líne a úsáid, i.e. Ag Food, Mótarcháin, Pasanna etc.
- Seirbhísí baincéireachta ar líne a úsáid
- An chaoi a úsáidtear 'Aipeanna' i.e. an aimsir, nuacht
- An chaoi a úsáidtear na Meáin Shóisialta i.e. Skype, Facebook, Twitter
- Siopadóireacht ar Líne

Cén struchtúr atá ag na ranganna oiliúna?

Soláthrófar 10 uair an chloig d'oiliúint ranga saor in aisce do dhaoine a fhreastalaíonn ar na ranganna seo. Mairfidh gach rang dhá uair ar a mhéad. I ngach rang, deichniúr is ea líon na ndaltaí ar a mhéad.

Cuirfear ríomhaire nó ríomhaire glúine ar fáil le linn gach ranga nó más fearr leat, is féidir leat do ghléas féin a thabhairt leat i.e. fón cliste, táibléad, nó ríomhaire glúine.

Geata chun saoil úrnua is ea an t-idirlíon. Is féidir teacht ar fhaisnéis agus sheirbhísí tríd, 24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain, agus is féidir saol na ndaoine a shaibhriú agus a chumasú tríd. I measc na mbuntáistí mar thoradh bheith ar líne, tá:



Lúdracht: Fan i dteagmháil le muintir agus le cairde ar fud an domhain trí ríomhphoist, mheáin shóisialta, etc.



Sábháil Airgid: Teacht bheith agat ar mhargadh níos leithne, agus níos fusa duit comparáid a dhéanamh idir praghsanna – rudaí a ligfeadh duit roghanna ceannaíochta níos eolasaí a dhéanamh.



Sábháil Ama: turais agus scuainí a sheachaint agus leas á bhaint agat as na hearraí agus seirbhísí atá ar fáil ar líne (e.g. Baincéireacht, NCT a chur in áirithint, Mótarcháin, Pas a athnuachan, etc.).



Siamsaíocht: áis chabhrach é chun caitheamh aimsire agus spéiseanna a leanúint, cultúir éagsúla a thaiscéaladh, nó fan ar an eolas faoi na cúrsaí reatha is déanaí, agus úsáid áiseanna athsheanma chun na scéalta is déanaí a fháil ar raidió agus ar theilifís.



Oideachas: Cuireann sé le do chuid eolais agus scileanna, tabhair faoi chúrsaí ar líne agus foghlaim ar do luas féin, ar feadh do shaoil.